





Ár nGnóthaí

Oibríonn an daa aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerfort Chorcaí in Éirinn agus tá gnóthaí suntasacha thar lear aige trína fhochuideachtaí idirnáisiúnta ARI agus daa Idirnáisiúnta.

Is iad aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí an dá aerfort is mó i bPoblacht na hÉireann, inar cuireadh fáilte roimh 27.1 milliún paisinéir eatarthu in 2015. Príomh-mhiondíoltóir taistil is ea ARI, ag a bhfuil oibríochtaí i 10 dtír agus ag a bhfuil leas 20% an Ghrúpa in Aerfort Düsseldorf. Gnó bainistíochta, seirbhísí comhairleacha eitlíochta agus oiliúna aerfoirt is ea daa Idirnáisiúnta.

Is é príomhchuspóir an Ghrúpa Éire a nascadh leis an domhan agus is í a fhís a bheith ina cheannaire ar an tionscadal aerfort a fhásfaidh a gnó trí sheirbhís agus luach den scoth a chur ar fáil d'aerlínte, do phaisinéirí agus do pháirtithe gnó. Tá fócas láidir tráchtála againn agus oibrímid go dlúth lenar gcustaiméirí agus lenar ngeallsealbhóirí chun cuidiú linn freastail ar a riachtanais in áit mhargaidh fhuinniúil.

Bhí láimhdeachais €680 milliún ag daa in 2015 agus tháinig méadú 30% ar a ioncam tráchtála agus miondíola agus méadú 8% ar a ioncam loingseoireachta. Ba ionann brabús an Ghrúpa i ndiaidh cánach agus €61 milliún. Fostaíonn an Grúpa 2,500 duine ag a aerfoirt na hÉireann agus tá 800 duine eile ag obair dá ghnóthaí idirnáisiúnta.

Ráiteas um Beartas Inbhuanaitheachta

Is í fíís daa eispéireas taistil aerfoirt ardchaighdeáin ar na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr a chur ar fáil. In oibriú ár n-aerfort déanfaidh daa:

- ⊕ Rannchuidiú le fás eacnamaíoch na hÉireann trínár n-aerfoirt a fhorbairt
- ⊕ Timpeallacht agus saoráidí sábháilte a chur ar fáil d'fhostaithe agus do chuairoteoirí
- ⊕ Cion dearfach a dhéanamh leis an bpobal ina n-oibrímid
- ⊕ Ídiú fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a laghdú
- ⊕ Caomhnú uisce a mhéadú
- ⊕ Dramhaíl a íoslaghdú agus a mhéad uisce agus is féidir a athúsáid agus a athchúrsáil
- ⊕ Úsáid as táirgí agus seirbhísí atá freagrach ón taobh comhshaoil agus sóisialta a mhéadú
- ⊕ Cleachtais inbhuanaithe a chur in iúl agus a chur chun cinn i measc úsáideoirí eile na n-aerfort agus i measc an phobail i gcoitinne
- ⊕ Pleanáil, dearadh, soláthar agus tógáil inbhuanaithe a chuimsiú i dtionscadail
- ⊕ Truailliú a chosc, cloí leis an reachtaíocht ábhartha um chomhshaoil agus bainistíocht chomhshaoil dea-chleachtais a spreagadh
- ⊕ Inbhuanaitheacht a chomhtháthú sna beartais, próisis agus comhaontuithe ábhartha.

An Pobal & Urraíochth

Tá an Coimisiún neamhspleách um Rialáil Eitlíochta (CAR) freagrach as muirir aerfoirt ag aerfoirt na hÉireann a rialú. Is é Aerfort Bhaile Átha Cliath an t-aon aerfort atá faoi réir rialú eacnamaíoch ag CAR.

Prionsabal tábhachtach is ea muirir aerfoirt a chinneadh ar bhonn critéar neamhspleách, oibiachtúil agus trédhearcach, chomh maith le prionsabail eacnamaíocha. Socraíonn an rialtóir muirir ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i ndiaidh aighneachtaí ó daa, aerlínte agus páirtithe leasmhara eile.

Déantar foráil sa reachtaíocht chomh maith go nglacann CAR an fhreagracht as rialú na muirear ar sheirbhísí críochfoirt arna soláthar ag Údarás Eitlíochta na hÉireann agus as líon feidhmeanna eitlíochta eile a bhí faoi fhreagracht an Aire Fiontar Poiblí roimhe seo.

Tá sonraí maidir le cinntí an rialtóra i dtaca le muirir aerfoirt ag Aerfort Bhaile Átha Cliath ar fáil ar shuíomh gréasáin **CAR**.

Ráiteas um Beartas Inbhuanaitheachta

Tá daa gníomhach i líon éagsúil ról mar urraitheoir agus mar phátrún ar imeachtaí náisiúnta amhail na Duaiseanna “Business To Arts” agus tá sé dlúthpháirteach sna pobail ina bhfuil aerfoirt a chuideachta suite.

Clár Carthanais na Bliana Fhoireann daa

Ó bhí 2007 ann, thiomsaigh foireann daa airgead do Charthanas Foirne bliantúil, ag fáil cistí comhoiriúnaithe ón gcuideachta a chuidíonn le tabhartais shuntasacha a thiomsú do charthanais náisiúnta chomh maith. Ó cuireadh ar bun é, tá os cionn €1.75 milliún tiomsaithe do charthanais in Éirinn.

I ndiaidh ainmniúchán agus vóta ar fud na cuideachta, tá coiste carthanas foirne freagrach as idirchaidreamh a dhéanamh leis na carthanais rathúla chun imeachtaí tiomsaithe cistí ina mbíonn baill foirne páirteach a eagrú.

Ag deireadh 2012, vótáil foireann daa leis an scéim a leathnú go dtí trí charthanas ainmnithe gach bliain.

Is iad carthanais foirne daa do 2016 Aoibheann’s Pink Tie, ISPPC agus ARC Cancer Support.

Aerfort Chorcaí

iBhí dlúthbhaint ag Aerfort Chorcaí le mórán blianta le tionscadail pobail éagsúla agus le clubanna spóirt éagsúla i gceantar Bhaile Gharbháin.

Tá an t-aerfort thar a bheith bródúil chomh maith as a bhainteacht fhada in imeachtaí idirnáisiúnta a bhíonn ar siúl i gCorcaí gach bliain amhail Paráid agus Féile Lá Fhéile Phádraig Chorcaí, Spóirt Chathair Chorcaí, Cór Fhéile Idirnáisiúnta Chorcaí agus Féile Snagcheoil Chorcaí.

Bhí ról gníomhach ag Aerfort Chorcaí chomh maith i bhforbairt bhanda turasóireachta réigiúnaí Chorcaí agus cómhaoiníonn sé an tionscnamh i gcomhairle le comhairlí Cathrach agus Contae Chorcaí.

